

Íocaimid € 17 billiún sa bhliain le Sasana!

A Theachta, a chara;

I mí Dheireadh Fómhair 2005 foilsíodh tuairisc thar a bheith suimiúil leis an Ollamh François Grin ón Eilvéis, atá le léamh as Fraincis ag http://cisad.adc.education.fr/hcee/documents/rapport_Grin.pdf. An chonclúid is tábhachtaí sa tuairisc *go ngnóthaíonn Sasana € 17-18 billiún sa bhliain ó cheannas idirnáisiúnta an Bhéarla*. Is ionann é sin agus breis is trí oiread lacáiste cáiliúil na Breataine, nó 1% den olltáirgeadh náisiúnta. I bhfocail eile, tá deontas á íoc le Sasana ag gach duine den 394 milliún saoránach den Aontas nach Béarlóirí ó dhúchas iad!

Ollamh in Ollscoil na Ginéive, saineolaí ar eacnamaíocht na dteangacha *a bhfuil Gaeilge Thír Chonaill aige*, is ea François Grin. Tá 127 leathanach sa tuairisc eolaíochta atá foilsithe aige, ina ndéanann sé anailís ar bheartas teanga an Aontais Eorpaigh. Is í an *Haut Conseil de l'évaluation de l'école* (Ard-chomhairle Mheasúnú an chórais oideachais), eagrais neamhspleách poiblí san Fhrainc, a d'iarr air an tuairisc a ullmhú, is a d'fhoilsigh í. Cuireann an tuairisc an cheist: *cén rogha teangeacha oibre ab fhearr don Aontas Eorpach?*

Le córas níos cothroime, choigleodh an tAE € 25 billiún sa bhliain ar a laghad!

Déanann an t-eacnamaí Eilvéiseach comparáid idir trí réiteach insamhlaithe:

1. *Béarla amháin; an rogha is míchothroime.*
2. *Ilteangachas: seo an réiteach is fearr sa ghearr- is sa mheántearma, dar leis an Ollamh Grin, i ngeall ar a inghlacthacht pholaitiúil faoi láthair, ach is buanbhaolach go sleamhnódh sé i dtreo an Bhéarla.*
3. *Esperanto a roghnú mar theanga inmheánach na n-orgán AE.*

Is í rogha Esperanto an ceann is cothroime agus is saoire, ach measann Grin nach féidir í faoi láthair, de dheasca na réamhbhreitheanna láidre in aghaidh Esperanto, bunaithe go simplí ar aineolas. Mar sin féin, is dóigh leis go mbeadh an rogha sin inghlactha do ghlúin nua, ar dhá choinníoll:

- Mórfeachtas buan ar fud an AE faoin éagthroime teanga agus faoi Esperanto.
- Comh-oibriú na mballstát uile san fheachtas.

D'fhéadfadh sé sin € 25 billiún gach bliain a choigilt don AE!

Le gach beannacht,

Małgorzata Handzlik, Ball de Pharlaimint na hEorpa, mhandzlik@europarl.europa.eu
An tOllamh Renato Corsetti, UEA, Renato.Corsetti@uniroma1.it
An Dr Seán Ó Riain, Cumann Esperanto na hEorpa, sean.oriain@web.de.